



MAOIN INTLEACHTÚIL, TIONSCAIL AGUS TRÁCHTÁLA

Áirítear le maoin intleachtúil gach ceart eisiach maidir le saothair intleachtúla. Cuimsítear léi dhá chineál ceart: an mhaoin intleachtúil, lena n-áirítear aireagáin (paitinní), trádmharcanna, dearthaí agus múnlaí tionscail agus sonrúcháin tionscnaimh, agus cóipcheart, lena n-áirítear maoin liteartha agus ealaíne. Ó tháinig an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm in 2009, tá inniúlacht fhollasach ag AE i leith cearta maoin (Airteagal 118).

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 114 agus Airteagal 118 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Cé go bhfuil siad faoi rialú ag dlíthe náisiúnta éagsúla, tá cearta maoin intleachtúla (CMI) faoi réir reachtaíocht AE chomh maith. Le hAirteagal 118 CFAE, foráiltear, i gcomhthéacs bhunú agus oibriú an mhargadh inmheánaigh, go mbunóidh an Pharlaimint agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta maidir le Dlí Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a chruthú chun cosaint aonfhoirmeach do CMI a sholáthar ar fud an Aontais, agus maidir le socruithe lárnaithe um údarú, um chomhordú agus um maoirsiú a chur ar bun ar leibhéal an Aontais. Is é atá i gceist go príomha le gníomhaíocht reachtach an Aontais Eorpaigh ná gnéithe sonracha áirithe de CMI a chomhchuihiú trí chóras aonair Eorpach a chruthú, faoi mar atá i gcás thrádmharc agus dhearadh AE agus faoi mar a bheidh i gcás paitinní. Tá [Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh](#) (EUIPO) freagrach as trádmharc agus dearadh AE a bhainistiú.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Comhchuihiú reachtach

1. Trádmharcanna, dearthaí agus samhlacha

In AE, tá an creat dlíthiúil le haghaidh trádmharcanna bunaithe ar chóras ceithre chiseal maidir le clárú trádmharcanna, a mhaireann taobh le córais náisiúnta um thrádmharcanna atá comhchuihithe trí bhíthin na Treorach um Thrádmharcanna ([Treoir 2008/95/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna). I dteannta leis an modh náisiúnta, i measc na mbealaí eile atá



ann chun trádmarcanna a chosaint tá bealach Benelux, trádmarc AE, a tugadh isteach in 1994, agus an bealach idirnáisiúnta. Le [Rialachán \(AE\) 2015/2424](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Rialachán Uimh. 207/2009 ón gComhairle (CE) agus Rialachán Uimh. 2868/95 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 40/94 ón gComhairle maidir le trádmarc an Chomhphobail, agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 2869/95 ón gCoimisiún maidir leis na táillí iníoctha le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, déantar an reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht AE a shimpliú agus déantar clárú trádmarcanna in AE níos saoire, níos tapúla, níos iontaoifa, agus níos intuairthe, rud a chuireann leis an deimhneacht dhlíthiúil do shealbhóirí.

Le [Treoir 98/71/CE](#) an 13 Deireadh Fómhair 1998, déantar comhfhogasú ar an reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint dhlíthiúil na ndearthaí agus na samhlacha. Le [Rialachán \(CE\) Uimh. 6/2002 ón gComhairle](#) an 12 Nollaig 2001 (arna leasú), déantar córas Comhphobail a thionscnamh maidir le cosaint na ndearthaí agus na samhlacha. Le [Cinneadh 2006/954/CE](#) agus le [Rialachán Uimh. 1891/2006 ón gComhairle](#), an 18 Nollaig 2006, nasctar córas AE le haghaidh clárú dearthaí nó samhlacha leis an gcóras idirnáisiúnta um chlárú le haghaidh dearthaí agus samhlacha tionscail de chuid na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI).

2. Cóipcheart agus cearta gaolmhara

Áirithíonn cóipcheart go n-íocfar údair, cumadóirí, déantóirí scannán agus eile agus go ndéanfar a gcuid saothar a chosaint. De bharr teicneolaíochtaí digiteacha tá athrú as cuimse tagtha ar an gcaoi a gcruthaítear ábhar cruthaitheach, ar an gcaoi a dtairgtear é, ar an gcaoi a ndáiltear é agus ar an gcaoi a ndéantar rochtain air.

a. Cóipcheart

Le [Treoir 2001/29/CE](#) an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuíbhíú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise, rinneadh an reachtaíocht maidir le cóipcheart agus de chearta gaolmhara a oiriúnú do na forbairtí teicneolaíochta, ach tá an Treoir sin chun deiridh ar na forbairtí atá tar éis teacht ar luas lasrach ar shaol na teicneolaíochta, amhail dáileadh clár teilifíse agus raidió agus an rochtain orthu, agus 49% d'úsáideoirí idirlín an Aontais ag teacht ar cheol, inneachar closamhairc agus cluichí ar líne (meastachán Eurostat). Dá bhrí sin, tá gá le reachtaíocht chomhchuíbhithe maidir le cóipcheart ar fud an Aontais do thomhaltóirí, do chruthaitheoirí agus do chomhlachtaí.

Le [Treoir \(AE\) 2019/790](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach an 17 Aibreán 2019 déantar foráil do chóipcheart coimhdeach d'fhoilsitheoirí preasa agus luach saothair cóir d'ábhar faoi chóipcheart. Go dtí seo, ní raibh aon fhreagracht dlíthiúil ar ardáin ar líne maidir le hábhar faoi chóipcheart a úsáid agus a uaslódáil ar a suíomhanna. Ní bheidh tionchar ag na ceanglais nua ar uaslódáil neamhthráchtála ábhar faoi chóipcheart chuig ciclipéidí ar líne amhail Vicipéid.

Tá sé mar aidhm le [Treoir 'CabSat' AE/2019/789](#) an 17 Aibreán 2019 méadú a dhéanamh ar líon na gclár teilifíse agus raidió atá ar fáil ar líne do thomhaltóirí Eorpacha. Níos mó agus níos mó, bíonn úsáideoirí ag súil go mbeidh rochtain acu ar ábhar teilifíse agus raidió am ar bith, in áit ar bith. Dá bhrí sin tá eagraíochtaí



craoltóireachta ag tairiscint níos mó seirbhísí ar líne in éineacht lena gcrailtaí traidisiúnta. Leis an treoir tugtar isteach prionsabal na tíre tionscnaimh (COO) chun éascú a dhéanamh ar cheadúnú na gceart do chlár ar leith a chuireann craoltóirí ar fáil ar a n-ardáin ar líne (e.g. comhchraoladh (craoltaí comhuaineacha) agus seirbhísí teilifíse athdheise). Beidh ar chraoltóirí ceadanna cóipchirt a fháil ina dtír bhunáitíochta AE (i.e. tír tionscnaimh) chun clár raidió, nuacht teilifíse agus cúrsaí reatha, chomh maith le léiriúcháin atá déanta agus maoinithe ag an eagraíocht chraoltóireachta féin a chur ar fáil ar líne i ngach tír AE.

Maidir le [Treoir 2017/1564](#) an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le húsáidí ceadaithe áirithe saothar áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus le cearta gaolmhara chun leasa daoine dala, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile, tá sí ag éascú rochtain ar leabhair agus ábhar clóite eile i bhformáidí cuí agus a gcúrsaíocht laistigh den mhargadh inmheánach.

Is éard is aidhm le [Rialachán \(AE\) 2017/1128](#) an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteorann seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach ná a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí a cheannaíonn scannáin, craoltaí spóirt, ceol, r-leabhair agus cluichí nó a bhfuil síntiús acu lena n-aghaidh rochtain a fháil orthu agus iad ag taisteal chuig Ballstáit eile AE.

b. An téarma cosanta do chóipcheart agus do chearta gaolmhara

Cosnaítear na cearta seo ar feadh an tsaoil agus ar feadh 70 bliain tar éis bhás an údair/ an chruthaitheora. [Treoir 2011/77/AE](#) lena leasaítear Treoir 2006/116/CE maidir leis an téarma cosanta do chóipcheart agus do chearta gaolmhara lena gcuirtear síneadh ar an gcosaint le haghaidh taibheoirí i dtaifid fuaime ó 50 bliain go 70 bliain tar éis iad a bheith fosaithe i dtaifead, agus d'údair cheoil, amhail cumadóirí agus liriceoirí go dtí 70 bliain tar éis bhás an údair. Tá téarma 70 bliain ina chaighdeán idirnáisiúnta anois chun taifid fuaime a chosaint. Faoi láthair, déanann 64 thír timpeall an domhain taifid fuaime a chosaint ar feadh 70 bliain nó níos faide.

c. Ríomhchlár agus bunachair sonraí

Chuir [Treoir 91/250/CEE](#) de cheangal ar na Ballstáit ríomhchlár a chosaint le cóipcheart, mar shaothair litríochta de réir bhrí Choinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint. Rinneadh í a chódú le [Treoir 2009/24/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Le [Treoir 96/9/CE](#), foráiltear do chosaint dhlíthiúil bunachair sonraí, lena sainmhínítear bunachair sonraí mar 'bhailiúchán saothar neamhspleách, sonraí neamhspleácha nó ábhar neamhspleách eile a chuirtear le chéile ar bhealach córasach nó rianúil agus a bhfuil rochtain ar gach ceann acu trí mheán leictreonach nó trí mheán eile'. Sonraítear sa treoir go bhfuil bunachair sonraí cosanta ag cóipcheart, a chumhdaíonn cruthú intleachtúil, agus ag ceart *sui generis* araon a chosnaíonn infheistíocht (airgid, acmhainní daonna, iarrachta agus fuinnimh) a dhéantar maidir leis an ábhar a fháil, a fhíorú nó a chur i láthair.

d. Cumainn bailithe dleachtanna

Ní mór ceadúnas a fháil ó shealbhóirí éagsúla an chóipchirt agus na gcearta gaolmhar sular féidir ábhar atá cosanta ag na cearta sin agus na seirbhísí nasctha a scaipeadh. Cuireann sealbhóirí cirt a gcearta faoi chúram cumann bailithe, a bhainistíonn na



cearta sin thar a gceann. Ach amháin má tá cúiseanna, a bhfuil údar oibiachtúil leo, ag an gcumann bailithe dleachtanna le diúltú bainistíocht a dhéanamh, tá oibleagáid air na cearta sin a bhainistiú. Tá cead ag sealbhóirí bainistíocht a gceart a chur faoi chúram eintitis bhainistíochta neamhspleácha. Is eintitis thráchtála iad sin atá difriúil le cumainn bailithe dleachtanna, *inter alia* toisc nach bhfuil siad faoi úinéireacht ná faoi rialú sealbhóirí cirt. An 26 Feabhra 2014, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle [Treoir 2014/26/AE](#) maidir le comhbhainistiú ar chóipcheart agus ar chearta gaolmhara agus ceadúnú ilchríochach na gceart i saothair cheoil d'úsáid ar líne sa mhargadh inmheánach, lena leagtar síos ceanglais is infheidhme maidir le cumainn bailithe dleachtanna, d'fhonn ardchaighdeán rialála, bainistíochta airgeadais, trédhearcachta agus tuairiscithe a áirithiú. Féachtar leis an Treoir seo a áirithiú go mbeidh cead cainte ag sealbhóirí cirt maidir le bainistiú a gceart agus beartaítear léi go bhfeidhmeofar cumainn bailithe dleachtanna ar bhealach níos fearr trí bhíthin caighdeán ar fud AE.

Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ngníomhóidh cumainn bailithe dleachtanna chun leas na sealbhóirí cirt a ndéanann siad ionadaíocht ar a gcearta, agus nach bhforchuireann siad aon oibleagáidí nach bhfuil aon ghá leo go hoibiachtúil chun cearta agus leas na sealbhóirí cirt a chosaint nó chun na cearta sin a bhainistiú go héifeachtach.

3. Paitinní

Is éard atá i bpaitinn ná teideal dlíthiúil is féidir a bhronnadh i gcás aireagán ar bith de chineál teicniúil, ar choinníoll go bhfuil sé nua, go bhfuil céim airgtheach bainteach leis agus go bhféadfaí é a shaothrú i dtionscal. Tugann paitinn an ceart don úinéir cosc a chur ar dhaoine eile an t-aireagán a dhéanamh, a úsáid nó a dhíol gan chead. Tugann paitinní spreagadh do chomhlachtaí an infheistíocht riachtanach a dhéanamh i nuálaíocht, agus spreagadh do dhaoine aonair agus comhlachtaí acmhainní a úsáid ar mhaithe le taighde agus forbairt. Is féidir aireagáin theicniúla a chosaint trí phaitinní náisiúnta a thugann na húdaráis náisiúnta inniúla, nó trí phaitinní Eorpacha a thugann [Oifig Eorpach na bPaitinní \(OEP\)](#) go lárnach. Is brainse feidhmiúcháin é OEP de chuid Eagraíocht Eorpach na bPaitinní, a bhfuil 38 stát conarthach aici anois. Níl AE féin ina bhall den eagraíocht sin.

D'fhormheas an Pharlaimint agus an Chomhairle an bunús dlí in 2012 le haghaidh paitinn Eorpach a bhfuil éifeacht aonadach léi (paitinn aonadach) tar éis na blianta a chaitheamh i mbun plé. Le comhaontú idirnáisiúnta idir na Ballstáit, bunaíodh dlínse paitinní speisialaithe aonair.

Tar éis don Chúirt Bhreithiúnais an pacáiste paitinní a dhearbhu ina breithiúnas an 5 Bealtaine 2015 i gCásanna C-146/13 agus C-147/13, bhí gach rud réidh le haghaidh [fíorphaitinn Eorpach](#). Beidh an córas a bhí ann roimhe sin ag cómhaiseachtáil leis an gcóras nua go dtí go mbunófar [Cúirt Aontaithe na bPaitinní](#).

A luaithe is a bheidh sí tugtha ag OEP, tabharfaidh paitinn aonadach cosaint aonfhoirmeach a mbeidh an éifeacht chéanna léi sna tíortha uile a bheidh rannpháirteach. Beidh an rogha ag gnólachtaí a n-aireagáin a chosaint i mBallstáit uile AE le paitinn aonadach aonair. Beidh siad in ann agóid a dhéanamh i gcoinne paitinní aonadacha agus iad a chosaint le cás cúirte amháin trí Chúirt Aontaithe na bPaitinní; tá sé beartaithe go mbeidh na ceanncheathrúna i Londain, in München agus i bPáras. Leis seo, déanfar an córas a chuíchóiriú agus sábhálfar costais aistriúcháin. Mar sin



féin, tá amhras mór ann i ndiaidh an reifrinn a reáchtáladh i Meitheamh 2016 sa Ríocht Aontaithe ar tharraingt siar ó AE an féidir le tír nach Ballstát de AE í a bheith mar stát conarthach de chuid an Chomhaontaithe maidir le Cúirt Aontaithe Paitinní (CCAP). Thairis sin, forálann foclaíocht reatha an Chomhaontaithe maidir le Cúirt Aontaithe Paitinní go soiléir nach mór tosaíocht dhlí an Aontais a urramú (Airteagal 20 CCAP) agus go mbeidh cinntí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais (CBAE) ina gceangal ar Chúirt Aontaithe na Paitinní agus, dá bhrí sin, ar an Ríocht Aontaithe chomh maith.

4. Rúin trádála

Tá an nós maidir le faisnéis a choimeád faoi rún ann leis na céadta bliain. Is ann d'ionstraimí dlí chun rúin trádála a chosaint i roinnt mhaith tíortha, bíodh siad sainmhínithe mar chuid de CMI nó ná bíodh. Ní féidir comparáid a dhéanamh idir an leibhéal cosanta a thugtar d'fhaisnéis rúnda agus réimsí eile de dhlí na maoin intleachtúla amhail paitinní, cóipchearta agus trádmharcanna. Bíonn níos mó éagsúlachta ann maidir le rúin trádála a chosaint ó thír go tír ná réimsí eile de dhlí CMI, chomh maith leis na cineálacha cur chuige éagsúla a ghlactar. Tá creat dhlíthiúil bearnach ann ach, ó 2016, tá creat dhlíthiúil de chuid AE ann, is é sin [Treoir \(AE\) 2016/943](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó a chosaint (rúin trádála) ar iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh.

5. Góchumadh a chomhrac

De réir na meastachán, is ionann allmhairí earraí góchumtha agus bradacha isteach in AE agus thart ar EUR 85 billiún (suas le 5% de na hallmhairí uile). Ar fud an domhain, is ionann an trádáil in earraí bradacha agus suas le 2.5% den trádáil iomlán agus suas le EUR 33b billiún, rud a dhéanann dochar suntasach do shealbhóirí cirt, rialtais agus geilleagair.

Toisc go raibh na difríochtaí sna córais náisiúnta maidir le pionós a ghearradh ar phíoráideacht agus ar ghóchumadh ag cruthú deacrachtaí do na Ballstáit na cionta sin a chomhrac go héifeachtach, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle [Treoir 2004/48/CE](#) maidir le forfheidhmiú na gcearta maoin intleachtúla mar chéad chéim. Féachtar leis an Treoir sin an comhrac i gcoinne na píoráideachta agus an ghóchumtha a threisiú trí na córais reachtacha náisiúnta a chomhchuibhiú chun leibhéal ard, comhionann agus comhchineálach maidir le cosaint na maoin intleachtúla sa mhargadh inmheánach a áirithiú agus foráiltear do bhearta, nósanna imeachta agus cúiteamh faoin dlí sibhialta agus faoin dlí riaracháin. Déanann [Rialachán \(AE\) Uimh. 608/2013](#) maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údarais chustaim ar chearta maoin intleachtúla rialacha nós imeachta a chur ar fáil ionas go mbeadh údarais chustaim in ann cearta maoin intleachtúla a fhorfheidhmiú i dtaca le hearraí a ndéantar maoirseacht chustaim nó seiceálacha custaim orthu.

B. An teoiric maidir le 'hídiú' na gceart

1. Sainmhíniú

Teoiric is ea í seo nach féidir le dílseánach a bhfuil ceart maoin intleachtúla tionscail nó tráchtála aige nó aici, atá faoi chosaint an dlí i mBallstát amháin an dlí sin a agairt chun 'onnmhairiú táirgí atá curtha i gcúrsaíocht i mBallstát eile' a chosc. Baineann sé leis na réimsí go léir a bhaineann le maoin intleachtúil.



2. Teorainneacha

Níl baint ag an teoiric maidir le hídíú chearta AE i gcás margú táirge ghóchumtha, nó i gcás táirgí a ndearnadh margaíocht lena n-aghaidh lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Airteagal 6 den Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil — TRIPS). In 1999, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), ina breithiúnas maidir le *Sebago Inc. agus Ancienne Maison Dubois & Fils SA v GB-Unic SA* (C-173/98), nach bhféadfaidh leis na Ballstáit foráil a dhéanamh ina ndlí intíre maidir le hídíú na gcearta a thugtar le trádmarc i leith táirgí arna gcur ar an margadh i dtíortha nach Ballstáit iad.

3. Príomhghníomhartha dlí sa réimse seo

- [Treoir 2006/115/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an gceart cíosa agus ceart iasachta agus maidir le cearta áirithe a bhaineann le cóipcheart i réimse na maoine intleachtúla;
- [Treoir 93/83/CEE ón gComhairle](#) an 27 Meán Fómhair 1993 maidir le comhordú rialacha áirithe a bhaineann le cóipcheart agus cearta i dtaca le cóipcheart is infheidhme maidir le craoladh satailíte agus atarchur ar chábla;
- [Treoir 2001/84/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001 maidir leis an gceart athdhíola ar mhaithe le húdar bunsaothair ealaíne.

C. Cásdlí le déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE)

In 2012, dhearbhaigh CBAE i gcás SAS ([C-406/10](#)) i gcomhréir le Treoir 91/250, gurb é léiriú ríomhchláir amháin atá cosanta le cóipcheart agus nach bhfuil na smaointe, na prionsabail atá mar bhonn don loighic, do na halgartaim agus do na teangacha ríomhchlárúcháin cosanta faoin treoir sin (mír 32 den bhreithiúnas). Chuir sí i dtreis nach ionann feidhmiúlacht ríomhchláir ná an teanga ríomhchlárúcháin agus formáid na gcomhad sonraí a úsáidtear i ríomhchláir chun leas a bhaint as roinnt dá chuid feidhmeanna agus foirm léirithe de chuid an ríomhchláir sin chun críocha Airteagal 1(2) de Threoir 91/250 (mír 39).

Ina breithiúnas i [gCás C-160/15](#) (GS Media BV v Sanoma Media Netherlands BV), d'fhógair an Chúirt nach ionann hipearnasc a phostáil ar shuíomh gréasáin chuig saothair arna gcosaint ag cóipcheart agus arna bhfoilsíú gan chead ón údar ar shuíomh gréasáin eile agus 'cumarsáid leis an bpobal' nuair nach ndéanann an duine a phostálann an nasc sin brabús airgeadais a lorg agus nuair a dhéanann an duine amhlaidh i ngan fhios dó gur foilsíodh na saothair sin go neamhdhleathach.

Ina breithiúnas i [gCás C-484/14](#) an 15 Meán Fómhair 2016, chinn an Chúirt gurb ionann líonra Wi-Fi a chur ar fáil don phobal i gcoitinne saor in aisce, chun aird custaiméirí ionchasacha a tharraingt ar earraí agus seirbhísí siopa, agus 'seirbhís na sochaí faisnéise' faoin treoir, agus dearbhaíonn an Chúirt nach bhféadfar aon dliteanas a chur ar sholáthraí seirbhíse a thugann rochtain ar líonra cumarsáide. Mar thoradh air sin, níl sealbhóirí cóipchirt i dteideal cúiteamh a éileamh ar na forais gur úsáid tríú páirtithe an líonra chun a gcearta a shárú. Tríd an nasc idirlín a shlánú le pasfhocal, áirithítear cothromaíocht idir cearta maoine intleachtúla na sealbhóirí, ar lámh amháin,



agus an tsaoirse maidir le gnó soláthraithe rochtana a sheoladh agus saoirse faisnéise úsáideoirí an líonra ar an lámh eile.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Cruthaíonn maoin intleachtúil breisluach do ghnólachtaí agus do gheilleagair na hEorpa. Le cosaint aonfhoirmeach do mhaoin intleachtúil agus forfheidhmiú na cosanta sin, rannchuidítear le cur chun cinn na nuálaíochta agus an fháis eacnamaíoch. Dá bhrí sin tá Parlaimint na hEorpa dá hiarrachtaí CMI a chomhchuíbhiú trí chóras Eorpach aonair a chruthú, faoi mar atá i gcás thrádmharc agus dhearadh AE agus i gcás na paitinne Eorpaí aonadaí.

I roinnt rún maidir le CMI, agus go háirithe maidir le bunachair sonraí, aireagáin bhitheolaíochta agus cóipcheart a chosaint ar bhonn dlíthiúil, rinne an Pharlaimint cás go ndéanfaí cearta den sórt sin a chomhchuíbhiú de réir a chéile. Ina theannta sin, tá an Pharlaimint i gcoinne codanna de chorp an duine a phaitinniú. Ghlac an Pharlaimint rún féintionscnaimh an 27 Feabhra 2014 maidir le tobhaigh ar chóipeáil phríobháideach (an ceart cóipeanna príobháideacha a dhéanamh d'ábhar a fuarthas go dleathach), toisc gur mó an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann le cóipeáil phríobháideach sa lá atá inniu ann de thoradh dhul chun cinn na teicneolaíochta. D'imir an Pharlaimint ról an-ghníomhach maidir le conradh EDMI [ar eisceachtaí ó chóipcheart le haghaidh daoine lagamhairc](#) ('Conradh Marrakech') a dhréachtú.

Mar chuid den réamhobair maidir leis an athbhreithniú ar rialacha cóipchirt AE (féach A.2.a), i Meán Fómhair 2018, ghlac an Pharlaimint, tuarascáil ina raibh líon moltaí tábhachtacha maidir le gach saincheist atá i dtreis faoi láthair. Le linn an phróisis reachtaigh bhí díospóireacht phoiblí theasaí ann maidir le hAirteagal 11 agus Airteagal 13 den dréacht-treoir i dtaca le cóipcheart sa mhargadh aonair digiteach. Mar thoradh ar an díospóireacht seo vótáil an Pharlaimint i bhfábhar tacú le hiarrachtaí ceart nua a chruthú d'fhoilsitheoirí meáin chun airgead a shaothrú as ábhar ar ardáin mhóra nuachta ar leith agus ceart nua chun rianú ar shárúithe ar chóipcheart ar an idirlíon a éascú. Bhí an tionscail chruthaitheach thar a bheith sásta ach rinne ionadaithe ó chuideachtaí teicneolaíochta cáineadh géar ar na tograí. Sa deireadh, chuir vóta na Parlaiminte bunéirim i láthair arís don chaibidlíocht leis an gComhairle agus do ghlacadh deiridh na treorach an 17 Aibreán 2019.

Udo Bux
05/2019

